# Coláiste Naomh Feichín
# Corr na Móna
# Co. na Gaillimhe

## POLASAÍ GAEILGE

**Baineann an Polasaí le:**
Scoláirí, tuismitheoirí/caomhnóirí, foireann agus bainistíochta an Choláiste chomh maith le Bord Oideachais agus Oiliúna Gaillimh/ Ros Comáin.

**Cúis**
Is scoil Ghaeltachta í Coláiste Naomh Feichín suite i gcroílár Ghaeltacht Dhúiche Sheoigheach.

**<u>An Comhthéacs Teangan</u>**

Tá ról lárnach ag an nGaeilge i dteagaisc oideachais dara leibhéil do chuid mhór de Ghaeltacht Dhúiche Sheoigheach, ó Ghleann an Mhháma go Cunga Fheichín agus ó bhruacha Loch Coirib go Loch na Fuaithe; agus freisin ón Líonán go Leitir Fraic agus ceantar Rinn Mhaoile san áireamh.

Dá réir sin ó bhunú Ghairmscoil Fheichín Naofa i 1966, tá páirt lárnach ag an scoil i gcaomhnú agus i gcur chun cinn na Gaeilge sa gceantar Dhúiche Sheoigheach. Chomh maith leis na gnáth chúramaí scolaíochta a chomhlíonadh, tá an scoil páirteach i gcur chun cinn na teangan sa bpobal lé chéile. Tá obair fhiúntach curtha i gcrích go háirithe sna réimsí seo a leanas: drámaíocht, díospóireacht, ceol Gaelach, damhsaí Gaelacha, seiteanna agus sean-nóis, amhránaíocht, filíocht, litríocht, agallaimh beirte, cluichí agus spóirt, tráth na gceist, turais scoile, béaloideas agus seanchais.

Is gné shainiúil í an Ghaeilge agus an t-saoithiúlacht Ghaelach atá fite go dlúth i saol Dhúiche Sheoigheach. Tá tábhacht mhór ag baint leis an teanga i gcaidreamh sóisialta na ndaoine agus ina gcaitheamh aimsire, i saol eacnamaíochta an cheantair, go h-áirithe mar ionad don turasóireacht chultúrtha agus mar ionad do Chúrsaí Gaeilge; agus do stádas an cheantair mar Ghaeltacht aitheanta.

Aidhmeanna:

- Go bhfeidhmeoidh an Coláiste trí mheán na Gaeilge agus go mbeidh an teagasc mar atá leagtha amach sa Scéim Oideachais.
- Cruinneas agus saibhreas teanga a chothú, le go mbeidh ardchaighdeán Gaeilge sa scoil.
- Go spreagfaí an teanga cultúr na Gaeilge agus an cultúr Gaelach sa Choláiste agus taobh amuigh den Choláiste.
- Meas agus tuiscint don Ghaeilge a chothú i measc scoláirí agus pobal an Choláiste ar fad.
- Spreagadh a thabhairt do na scoláirí an Ghaeilge a thabhairt don chéad ghlúin eile.

**Aithníonn lucht Bainistíochta agus foirne an Choláiste:**

- go bhfuil sé dlite ar an scoil, mar chúram don phobal, a cion féin a dhéanamh le tacú leis an nGaeilge a chur chun cinn
- go bhfuil dualgais reachtúla i leith na Gaeilge ar an scoil de réir fhorálacha an Acht Oideachais, 1998:-

  ***Mir 9 (f):***

  *Saothrú na teangan agus traidisiúin na Gaeilge, litríocht na Gaeilge, na healaíona agus imeachtaí eile cultúir a chur chun cinn;*

  ***Mír 9(h):***

*I gcás scoileanna i gceantar Gaeltachta, tacú leis an nGaeilge a bhuanú ina príomh-theanga pobail.*

- go bhfuil dúshlán ó bhrú an Bhéarla, go h-áirithe 'sna ceantair Gaeltachta imeallacha. Tá sé tábhachtach go dtabharfaí faoin nGaeilge ar bhonn dearfach – tuiscint go bhfuil dúshláin ollmhóra ann ach go bhfuil an-chuid rudaí dearfacha dhá dhéanamh
- go bhfuil dúshlán ar leith mar go bhfuil líon mór dár scoláirí ag teacht ón nGalltacht
- aithnítear nach í an Ghaeilge, gnáth-theanga baile agus cumarsáide fhormhór na scoláirí
- gur saibhriú ar oideachas na scoláirí í an taithí ar an teanga agus ar ghnéithe eile den t-saoithiúlacht Ghaelach a cothaítear sa scoil.
- aithnítear na buntáistí fostaíochta agus ard-oideachais a bhronnann a líofacht sa nGaeilge ar ár n-iarscoláirí.

**Ráiteas ar Mhódhanna Oibre**

- Is í an Ghaeilge gnáth theanga cumarsáide agus riaracháin an Choláiste.
- Tá dualgas ar phobal an Choláiste ar fad an Ghaeilge a láidriú agus a chaomhnú – ní bhaineann an cheist seo le múinteoirí Gaeilge amháin.
- Tá sé mar chuid de shainmheon an Choláiste go n-úsáidfidh an scoláire an leagan Gaeilge den ainm agus den sloinne atá acu.
- Tá sé inmholta gach fógra poiblí a chuirtear suas bheith as Gaeilge.
- Déanfar gach iarracht Gaeilge a labhairt sa seomra ranga, sa seomra foirne agus in oifigí na scoile agus ar imeachtaí seachtracha atá eagraithe ag an scoil.
- Beidh úsáid na Gaeilge lárnach i n-aon earcaíocht a déanfar don scoil.
- Feictear an scoláire mar chroílár a cuid/a chuid oideachais féin. Treorófar agus gríosófar an scoláire chun an teanga a thabhairt léi/leis. Molfar, spreagfar agus gríosófar an scoláire chun a

dícheall/dhícheall a dhéanamh chun í a úsáid. Tabharfar gach tacaíocht agus cabhair dí/dó.

- Déanfar gach iarracht an cultúr Gaelach a spreagadh trí pháirtíocht i ngrúpaí ceoil, damhsa, drámaíocht, díospóireacht agus imeachtaí Gaeilge agus Gaelacha eile.

- Cuirfear Feachtas Speisialta Labhairt na Gaeilge ar siúl leis an teanga labhartha a spreagadh agus a chur chun cinn i measc daltaí agus foireann uile na scoile.

**Aidhmeanna agus Cuspóirí**

'Siad aidhmeanna an Choláiste ná:

- go mbeidh Gaeilge ar a dtoil ag scoláirí ag fágáil an Choláiste seo agus go mbainfeadh siad ard-chaighdeán amach, de réir a gcumais, sa nGaeilge mar ábhar scoile, ag chuile leibhéal.

- Go mbreathnódh scoláirí agus iar-scoláirí na scoile ar an nGaeilge mar ghnáth theanga cumarsáide, ní h-amháin sa scoil ach sa bpobal máguaird.

- Go spreagfar na scoláirí le breise eolais a chur ar a gceantar agus ar a ndúchas agus le meas a bheith acu ar a n-oidhreacht cultúir agus teangan.

- Go spreagfar labhairt na Gaeilge mar theanga cumarsáide eatarthu féin i measc na scoláirí, i measc foireann uile an Choláiste agus i measc tuismitheoirí/caomhnóirí.

- Go bhféachfaidh an Choláiste chuige, de réir na n-acmhainní a bheidh ar fáil chuige sin, go dtabharfar tacaíocht go speisialta do scoláirí a thagann isteach ar bheagán Gaeilge le súil is go mbeidh ar a gcumas a bheith lán-pháirteach i saol acadúil agus sóisialta na scoile.

**(Cur i bhfeidhm agus monatóireacht)**

- Tabharfar aitheantas do na scoláirí is mó a léiríonn díograis agus dílseacht don Ghaeilge i rith na bliana ach go h-áiríthe ag bronnadh na ngradaim scoile ag deireadh na scoilbhliana.
- Meabhrófar tábhacht na Gaeilge do na scoláirí go rialta.

- Déanfar chuile iarracht aoi-chainteoirí le Gaeilge ar thopaicí eagsúla a fháil don scoil más féidir.
- Tabharfar cabhair faoi leith do scoláirí nach bhfuil líofa sa Ghaeilge.
- Déanfar iarratas cúntóir a fhostú le tacaíocht Muintearas go bliantiúil.
- Déanfar ceiliúradh ar theanga, oidhreacht agus cultúr na tíre ag amanna éagsúla i rith na scoilbhliana ach go háirithe le linn Seachtain na Gaeilge.
- Cuirfear inniúlacht agus toilteanach Ghaeilge san áireamh nuair atá múinteoirí agus baill foirne á gceapadh do Choláiste Naomh Feichín.
- Reachtálfar agallaimh do phostanna i gColáiste Naomh Feichín trí mheán na Gaeilge.
- Beidh paipéarchas agus comharthaí an Choláiste go h-iomlán dá-theangach.
- Cuirfear Polasaí Gaeilge Choláiste Naomh Feichín in iúl do phobal uilig an Choláiste.
- Beidh an Ghaeilge mar mhír ar chlár do chruinnithe foirne agus Comhairle na nDaltaí go rialta.
- Spreagfar na daltaí chun leabhair agus nuachtáin Gaeilge a léamh go rialta chomh maith le bheith ag éisteacht le Raidió na Gaeltachta agus a bheith ag féachaint ar TG4.
- Bronnfar dearbháin go rialta ar scoláirí de bharr a n-iarrachtai i bhFeachtas Labhairt na Gaeilge.

**Teacht i bhfeidhm:**

Tiocfaidh an Polasaí Gaeilge athbhreithnithe seo i bhfeidhm le h-éifeacht ó Aibreán 2017.

**Athbhreithniú agus Leasú**

Déanfaidh an príomhoide, múinteoirí agus scoláirí monatóireacht rialta ar an bpolasaí agus déanfar pé athbhreithniú agus leasú is gá ar an bPolasaí Gaeilge ó am go h-am de réir mar a meastar a bheith inmholta.

Sínithe: Tomás Ó Toisdealbha
Cathaoirleach, Bord Bainistíochta

Dáta: 12/2/2020.